AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.3.2022
COM(2022) 115 final

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL ARNA DHÉANAMH AG AN gCOIMISIÚN

maidir le Tuarascálacha Bliantúla na mBallstát ar Ghníomhaíochtaí Creidmheasanna Onnmhairiúcháin de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011

1. Réamhrá:

Is ar bhonn na faisnéise a sholáthair na Ballstáit ina dTuarascálacha Gníomhaíochta Bliantúla a bunaítear an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil arna ndéanamh in 2020 san Aontas Eorpach.

Déantar í de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76/CE agus 2001/77/CE ón gComhairle.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, ceanglaítear ar na Ballstáit Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí a chur ar fáil don Choimisiún chun an trédhearcacht a mhéadú ar leibhéal an Aontais. Ina dtuarascálacha, soláthraíonn na Ballstáit faisnéis maidir le sócmhainní agus dliteanais, éilimh íoctha agus aisghabhálacha, gealltanais nua, neamhchosaint, muirir phréimhe agus dliteanais theagmhasacha a d'fhéadfadh eascairt as gníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, agus maidir leis an gcaoi ar féidir rioscaí comhshaoil, a d'fhéadfadh rioscaí ábhartha eile a bheith ag baint leo, a chur san áireamh sna gníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil a dhéanann a ngníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin (ECAnna). Cuimsíonn rioscaí ábhartha rioscaí a bhaineann leis an aeráid, rioscaí airgeadais, rioscaí sóisialta agus rioscaí maidir le cearta an duine, agus rioscaí breabaireachta agus éillitheachta. Dá réir sin, ar bhonn na faisnéise sin, déanann an Coimisiún athbhreithniú bliantúil le haghaidh Pharlaimint na hEorpa, agus cuimsíonn sé meastóireacht ar an tslí a bhfuil cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais á gcomhlíonadh ag na ECAnna.

San athbhreithniú sin cumhdaítear gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011. Mar sin, ní chumhdaíonn sé idirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin ghearrthéarmach, a bhfuil feidhm ag an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin gearrthéarmach maidir leo, ná na gníomhaíochtaí a dhéanann ECA áirithe lasmuigh de réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil.

Thug an Coimisiún dá aire an Rún a ghlac Parlaimint na hEorpa an 2 Iúil 2013 maidir leis an chéad athbhreithniú bliantúil ón gCoimisiún (2012/2320(INI)).

Tharraing an Coimisiún aird na mBallstát go sonrach ar na moltaí atá sa Rún sin amhail an moladh chuig Meitheal na Comhairle um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin agus chuig an gCoimisiún dul i comhairle le Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an modheolaíocht tuairiscithe le haghaidh Tuarascálacha Gníomhaíochta Bliantúla, rud a dtugtar an teimpléad seicliosta air.

Is é an bhliain 2020 an chéad tréimhse tuairiscithe nuair a dréachtaítear athbhreithniú an Choimisiúin ar bhonn teimpléad seicliosta nua. D'ullmhaigh an Coimisiún an teimpléad seicliosta nua mar fhreagairt ar chinneadh ón Ombudsman Eorpach an 3 Nollaig 2018 sa chás 212/2016/JN a bhain le sásúlacht an athbhreithnithe bhliantúil a dhéanann an Coimisiún Eorpach ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin. Mhol an tOmbudsman go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun dialóg leis na Ballstát agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn feabhas a chur ar an teimpléad a úsáideanna na Ballstáit chun na tuarascálacha ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a chur i dtoll a chéile. Mhol an

tOmbudsman freisin gur cheart don Choimisiún feabhas a chur ar an inneachar anailíse agus measúnaithe sna hathbhreithnithe bliantúla ar na gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a chuireann sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Agus athbhreithniú a dhéanamh ag an gCoimisiún ar an teimpléad seicliosta, tá a ghealltanas comhlíonta aige don Ombudsman go gcuirfeadh sé cuid moltaí an Ombudsman chun feidhme. Tháinig an toradh seo as na comhairliúcháin le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, leis an gComhairle, leis an bParlaimint agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí in 2019-2020. Sa teimpléad seicliosta nua agus feabhsaithe, iarrtar faisnéis níos mionsonraithe agus níos sonraí ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúchán na mBallstát, go háirithe maidir leis na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit cosaint cheart an duine, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil a urramú agus tacaíocht oifigiúil á tabhairt do na creidmheasanna onnmhairiúcháin.

2. Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí a fuarthas le haghaidh na bliana féilire 2020:

Chuir fiche Ballstát creidmheasanna onnmhairiúchán a dtacaítear leo go hoifigiúil ar fáil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 in 2020 agus chuir siad isteach Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí le haghaidh na bliana féilire 2020: An Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Poblacht na Seicia, an tSlóivéin, Poblacht na Slóvaice, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

Chuir an Ghréig tuarascáil isteach cé nár chuir sí creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo hoifigiúil ar fáil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 le linn na bliana tuairiscithe.

Na sé Bhallstát atá fágtha, arb iad an Bhulgáir, an Chipir, Éire, an Laitvia, agus an Liotuáin agus Málta iad, dhearbhaigh siad nár chuir siad creidmheasanna onnmhairiúchán a dtacaítear leo go hoifigiúil ar fáil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 le linn na bliana tuairiscithe agus dá bhrí sin níor chuir siad tuarascáil isteach.

D'úsáid na Ballstáit uile a chuir tuarascáil isteach an teimpléad seicliosta athbhreithnithe. Cheangail cuid de na Ballstáit an fhaisnéis a chuir siad isteach ina dtuarascáil leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil go poiblí amhail tuarascálacha bliantúla agus beartais díchill chuí.

Tá stádais dhlíthiúla éagsúla ag na ECAnna agus i gcás cuid de na Ballstáit, is í an chuideachta árachais nó an institiúid airgeadais a oibríonn faoi shainordú poiblí a chuireann na creidmheasanna onnmhairiúcháin ar fáil. Sa chás sin, is léir nach gcumhdaítear sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí ach na gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dhéanann na cuideachtaí sin san earnáil phoiblí, atá scartha amach ó ghníomhaíochtaí san earnáil phríobháideach.

3. Anailís ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí:

(a) Faisnéis ghinearálta:

In 2020, chuir fiche Ballstát san Aontas Eorpach tacaíocht oifigiúil de réir bhrí Rialachán 1233/2011 ar fáil laistigh de raon feidhme chur chun feidhme Shocrú ECFE maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil.

Is soláthraithe cumhdaigh fhoirfe iad na fiche Ballstát uile, rud a chiallaíonn gur soláthraithe ráthaíochtaí nó árachais creidmheasa onnmhairiúcháin iad. Sa bhreis ar a ngníomhaíochtaí cumhdaigh fhoirfe, chuir trí Bhallstát déag (an Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, Poblacht na Seice, Poblacht na Slóvaice, an Spáinn, an tSualainn, agus an Ungáir) tacaíocht mhaoiniúcháin oifigiúil ar fáil i.e. maoiniú nó athmhaoiniú díreach iasachtaí tráchtala le haghaidh idirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin, nó tacaíocht ráta úis, ar rud é nach gcuireann ach líon beag Ballstát ar fáil. Thairg líon beag Ballstát cabhair cheangailte.

Tá struchtúir eagraíochtúla éagsúla ann le haghaidh oibríochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin. Tá cláir creidmheasa onnmhairiúcháin faoi stiúir ag breis agus 26 chomhlacht laistigh den Aontas: ranna rialtais, gníomhaireachtaí poiblí nó brainsí de chuideachtaí príobháideacha a oibríonn faoi shainordú poiblí agus faoi mhaoirseacht rialtais (féach na mionsonraí san Iarscríbhinn). Na Ballstáit a thairgeann teaglaim de chineálacha éagsúla tacaíochta oifigiúla, bíonn níos mó ná ECA amháin acu de ghnáth, chun an scaradh idir an bhaincéireacht agus an t-árachas a urramú go príomha, nó bíonn cuid dá ngníomhaíochtaí tarmligthe chuig cuideachta phríobháideach.

Le treoirlínte ECFE áirithítear comhchuibhiú na gcleachtas agus na gcaighdeán a bhaineann le frithghealladh i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, i ndáil le saincheisteanna a bhíonn ag dul i méid i gcónaí. Ach go deimhin, laistigh den creat sin agus i gcomhréir leis an rialachán, tá spás ag rialtais agus ECAnna náisiúnta a gcláir féin a dhearadh. Dá réir sin, ní hionann na cineálacha táirgí agus na téarmaí agus na coinníollacha a tháirgeann ECAnna laistigh den Aontas ná na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann leo. Go minic, cuireann na Ballstáit le creat rialála an Aontais ceanglais bhreise náisiúnta (e.g. rialacha maidir le hinneachar náisiúnta), rud a chruthaíonn éagsúlacht sna dálaí a chuirtear ar fáil do tháirge ar leith, chomh maith leis na tionscadail atá incháilithe chun tacaíocht a fháil laistigh den Aontas.

Bíonn na táirgí a thairgtear ag brath freisin ar shaintréithe gach geilleagair náisiúnta agus ar thosaíochtaí beartais náisiúnta. Tá roinnt Ballstát tar éis cláir a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a fhorbairt e.g. monarú aerárthaí (e.g. ráthaíocht neamhchoinníollach Airbus) agus longthógáil (maoiniú oifigiúil). D'fhéadfadh sé sin na tuiscintí earnála ar leith atá i gComhshocrú ECFE maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil a léiriú i gcás ina gcuirtear téarmaí agus coinníollacha áirithe in oiriúint do riachtanais shonracha tionscal áirithe. Ina theannta sin, tá roinnt ECAnna ag cur clár saincheaptha ar fáil do FBManna nó do thionscadail inbhuanaithe agus scéimeanna atá sonrach maidir le COVID le déanaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar chomhaontuithe sealadacha i measc rannpháirtithe Chomhshocrú ECFE maidir le téarmaí agus coinníollacha malartacha le haghaidh roinnt idirbheart ag a bhfuil saintréithe coiteanna, trí Línte Coiteanna de bhun Airteagal 56 go hAirteagal 61 den Socrú.

(b) Méid na tacaíochta oifigiúla:

Sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí, tugtar faisnéis airgeadais ábhartha maidir le tacaíocht oifigiúil arna soláthar ag CIAnna, i gcomhréir le creataí agus eagraíochtaí reachtacha náisiúnta na mBallstát faoi seach. Níl aon bharúil ag an gCoimisiún maidir leis na gnéithe airgeadais de Thuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí 2020. Tá an méid sin gan dochar do shainchumais institiúidí na mBallstát a fheidhmíonn maoirseacht ar chláir náisiúnta um chreidmheasanna onnmhairiúcháin.

Maidir le tacaíocht oifigiúil i bhfoirm cumhdaigh fhoirfe, sa tábla thíos liostaítear neamhchosaint ainmniúil chomhiomlán ar riosca ón 31 Nollaig 2020 i leith le haghaidh na soláthraithe móra san Aontas Eorpach:

Tábla 1. Tacaíocht oifigiúil i bhfoirm clúdach fhoirfe in 2020 (EUR milliún) **Na rannchuiditheoirí is mó de chuid an Aontais de réir neamhchosaint ainmniúil chomhiomlán ar riosca**	
An t-iomlán tuairiscithe san Aontas	*361 585*
an Ghearmáin	85 022
an Fhrainc	59 635
an Iodáil	58 991
an Danmhairg	46 833
an tSualainn	32 010

I gcás tacaíocht oifigiúil mhaoiniúcháin, liostaítear sa tábla thíos luach ainmniúil tuairiscithe na punainne iasachtaí a dtacaítear leo go hoifigiúil ón 31 Nollaig 2020 i leith le haghaidh soláthraithe móra san Aontas:

Tábla 2. Tacaíocht oifigiúil i bhfoirm tacaíocht mhaoiniúcháin oifigiúil in 2020 (EUR milliún) **Na ranníocóirí is mó de chuid an Aontais de réir luach ainmniúil na punainne iasachtaí a fhaigheann tacaíocht oifigiúil**	
An t-iomlán tuairiscithe san Aontas	*85 226*
an Iodáil	37 317
an Ghearmáin	14 768
an Fhrainc	12 648
an Fhionlainn	7 561
an tSualainn	6 904

(c) Rioscaí comhshaoil a láimhseáil:

Tá traidisiún fada ag ECFE faisnéis a mhalartú agus dea-chleachtais a roinnt maidir leis an gcaoi aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tacaíocht oifigiúil. Tháinig comhaltaí ECFE, lena n-áirítear formhór Bhallstáit an Aontais, ar shraith comhaontuithe i bhfoirm Moltaí ECFE a bhaineann le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair chomhshaoil agus shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ábhartha eile.

Leagtar síos comhphrionsabail sa Mholadh ó ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann i leith Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil agus i leith Dícheall Cuí Comhshaoil agus Sóisialta chun tabhairt faoi dhícheall cuí comhshaoil d'fhonn na tionchair chomhshaoil agus na rioscaí a bhaineann le hiarratais ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin

arna dtacaítear leo go hoifigiúil a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá an Moladh dea-bhunaithe, agus braitheann sé den chuid is mó ar Chaighdeáin Feidhmíochta Comhshaoil agus Shóisialta na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta (Caighdeáin Feidhmíochta IFC), ar Threoirlínte Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda (Treoirlínte EHS) agus ar Bheartais Chosanta an Bhainc Dhomhanda agus ar Chaighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta an Bhainc Dhomhanda. Rinne na baill athbhreithniú rialta air, agus is in 2016 a rinneadh an t-athbhreithniú is deireanaí.

Cumhdaítear sa Mholadh príomhcheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear astaíochtaí aeir (e.g. astaíochtaí gás ceaptha teasa), fuíolluisce, torann, creathadh, éifeachtúlacht acmhainní (e.g. caomhnú amhábhar, fuinneamh agus uisce), bainistiú dramhaíola, bainistiú ábhar guaiseach agus sábháilteacht ábhar guaiseach, talamh éillithe, tionchair ar sheirbhísí éiceachórais, cosaint agus caomhnú bithéagsúlachta, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha beo agus breithnithe maidir le hathrú aeráide, agus saincheisteanna eile nach iad. Áirítear leis freisin riachtanais maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, ionas go mbeadh úinéir an tionscadail in ann freagairt do chásanna tionóisceacha agus éigeandálaí ar bhealach a bheadh iomchuí chun tionchair chomhshaoil agus shóisialta a chosc agus a mhaolú. Ghlac gach ceann de na fiche ECA de chuid an Aontais an Moladh agus chuir siad chun feidhme é mar chreat ábhartha chun tacú leis an gcinnteoireacht maidir le tacaíocht oifigiúil a sholáthar.

Dá bhrí sin, tá beartais díchill chuí agus nósanna imeachta um measúnú riosca, a fhoilsíonn cuid de na ECAnna ar a suíomhanna gréasáin, bunaithe den chuid is mó ar an Moladh ó ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann, fiú má tá ról neamheisiach ag an Moladh agus má tá beartais bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta eile agus ar *acquis* an Aontais freisin. De ghnáth, braitheann na nósanna imeachta um measúnú *ex ante* a dhéantar san Aontas ar chineál, ar mhéid agus ar chatagóir an iarratais ar leith: dá mhéad riosca agus/nó dá mhéad an tionscadail, is ea is déine an measúnú. Le linn na measúnuithe sin, déantar rioscaí a shainaithint, a aicmiú agus a mheas, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith acu ar incháilitheacht maidir le tacaíocht a fháil.

Na fiche Ballstát uile a chuireann tacaíocht oifigiúil ar fáil, tuairiscíonn siad go gcomhlíontar Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Comhchoiteann agus an ghné chomhshaoil a bhaineann leis, ar cuid lárnach é dá gcórais díchill chuí agus dá gcórais bainistithe riosca agus dá bpróiseas cinnteoireachta.

Dhearbhaigh gach Ballstát a bhfuil Moladh ECFE maidir le Cur Chuige Comhchoiteanna á chur i bhfeidhm aige go ndearna sé scagadh ar gach iarratas ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus é mar aidhm aige a shainaithint ar cheart athbhreithniú comhshaoil a dhéanamh. De bhun an Mholta, tá sé de cheangal ar ECAnna na hiarratais sin a aicmiú, ag brath ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol, de réir trí chatagóir riosca: ard (Catagóir A), Meánach (Catagóir B) nó íseal (Catagóir C). Go deimhin, tuairiscíonn a lán Ballstát go gcuireann siad an Moladh i bhfeidhm ar bhealach níos leithne ná a raon feidhme. Áirítear leis sin aicmiú na n-idirbheart go léir, lena n-áirítear na hidirbhearta sin a bhfuil a sciar idirbhirt faoi bhun SDR 10 milliún, rud nach ndéanfaí, i bprionsabal, a chuimsiú sa chéim scagtha.

Thuairiscigh na Ballstáit go ndearnadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus ar an Tionchar Sóisialta (ESIA) i gcomhréir le hAirteagal 18 de Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann i leith gach idirbheart dá ndearna CIE gealltanas deiridh agus a aicmíodh

mar thionscadail Chatagóir A a bhféadfadh drochthionchair shuntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol.

Maidir le hidirbhearta a bhaineann le tionscadail de Chatagóir B a d'fhéadfadh drochthionchair neamhshuntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol, tuairiscíonn na Ballstáit gur chuir iarratasóirí ar thacaíocht oifigiúil a dhóthain faisnéise ar fáil i gcónaí lenar tugadh aghaidh ar thionchair chomhshaoil ábhartha an tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 19 de Mholadh ECFE ar Chur Chuige Comhchoiteann.

Sula ndéanfaidh siad cinneadh tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil do thionscadail de Chatagóir A nó de Chatagóir B a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar an gcomhshaol, thuairiscigh ECAnna go ndearna siad meastóireacht i gcónaí ar an bhfaisnéis a thagann as scagadh agus athbhreithniú na n-idirbheart. Fuarthas faisnéis ábhartha trí thuarascálacha ESIA, ach bailíodh freisin, a bhuí le foirmeacha iarratais agus ceistneoirí na Cúirte Iniúchóirí, taighde deisce, cuairteanna ar an láthair, taighde a rinne comhairleoirí seachtracha agus teagmháil dhíreach leis na hiarratasóirí.

Sa bhreis ar sin, ar na cleachtais díchill chuí arna dtuairisciú ag na Ballstáit uile a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil, tá, i gcás inar gá, dearadh na mbeart maolúcháin nuair atá an cinneadh maoiniúcháin á ghlacadh, agus é nasctha le coinníollacha conartha agus faireacháin le himeacht ama chun comhlíontacht na gcaighdeán a áirithiú, agus, i gcás inarb infheidhme, forfheidhmiú beart maolúcháin. Áirithítear leis sin go n-urramófar na caighdeáin is ábhartha maidir leis an ngealltanas deiridh le himeacht ama. I gcás neamh-chomhlíontachta, féadfaidh ECAnna tacaíocht a tharraingt siar nó slánú a dhiúltú.

In 2020, bhraith seacht mBallstát cásanna neamh-chomhlíontachta le linn chéim an mheasúnaithe nó le linn chéim an fhaireacháin. Is éard a bhí i gceist le cás neamh-chomhlíontachta amháin, tagairt do dhodhéantacht cuairt ar an láthair a dhéanamh. Tá na cásanna eile cáilithe mar neamh-chomhlíontachtaí beaga, go bunúsach sprioc-amanna caillte chun faisnéis a sholáthar nó chun tuarascálacha a chur isteach.

Tuairiscíonn na Ballstáit go n-áirithíonn siad go bhfeidhmeoidh a gcuid ECAnna ar bhealach chomh trédhearcach agus is féidir agus an rúndacht a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'idirbhearta tráchtála á hurramú san am céanna. De bhun Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann, is éard atá sa nós imeachta comhchuibhithe ar fud an Aontais faisnéis mhionsonraithe a nochtadh go poiblí le haghaidh tionscadail a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar an tsochaí i ngeall ar na saintréithe a bhaineann leo. Thuairiscigh ECAnna i gcónaí go ndearna siad an fhaisnéis go léir a éilítear de bhun Airteagal 39 agus Airteagal 41 den Mholadh a nochtadh, is é sin le rá faisnéis ábhartha *ex ante* maidir le tionscadail Chatagóir A, lena n-áirítear ESIAnna, agus faisnéis *ex post* tar éis an ghealltanais deiridh do gach tionscadal de Chatagóir A agus de Chatagóir B a dtacaítear leis, trí leathanaigh thiomnaithe ar a suíomh gréasáin, dá dtagraítear i dTábla 3.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go soláthraíonn EFCE ar a shuíomh gréasáin (https://www.oecd.org/trade/topics/export-credits/environmental-and-social-due-diligence/) faisnéis maidir le dícheall cuí comhshaoil agus sóisialta, lena n-áirítear suirbhéanna ar chleachtais na gcomhaltaí agus faisnéis chomhiomlánaithe maidir le tionscadail de Chatagóir A agus de Chatagóir B a dtacaítear leo. Tagraíonn sé freisin do leathanaigh ghréasáin ábhartha ECAnna maidir le faisnéis a nochtadh go poiblí

(https://www.oecd.org/trade/topics/export-credits/documents/links-environment-social-due-diligence.pdf). I dTábla 3, tugtar na naisc ábhartha chuig ECAnna de chuid an Aontais.

Tábla 3. Naisc chuig suíomhanna gréasáin ábhartha chun críoch díchill chuí chomhshaoil agus shóisialta	
Tír	*Nochtadh poiblí maidir le tionscadail de Chatagóir A agus de Chatagóir B, mar aon le faisnéis bhreise ar chleachtais díchill chuí chomhshaoil agus shóisialta*
an Ostair	https://www.oekb.at/en/export-services/about-oekb-export-services/environmental-and-social-aspects/projects-after-commitment.html
an Bheilg	https://credendo.com/en/about-credendo/credendo-export-credit-agency/corporate-social-responsibility
an Chróit	Ní ann d'idirbhearta den sórt sin
Poblacht na Seice	https://www.egap.cz/en/information-projects-classified-under-categories-and-b-realized-insurance-egap
an Danmhairg	https://www.ekf.dk/en/about-ekf/csr-at-ekf/category-a-projects
an Eastóin	Ní ann d'idirbhearta den sórt sin
an Fhionlainn	https://www.finnvera.fi/eng/export/export-credit-guarantee-operations#toc--environmental-and-social-risk-management-in-finnvera-s-export-financing-operations-
an Fhrainc	https://www.bpifrance.fr/Bpifrance/Qui-sommes-nous/Nos-metiers/International/Assurance-Export/Evaluation-Environnementale-et-Sociale
an Ghearmáin	https://www.agaportal.de/en/exportkreditgarantien/praxis/projektinformationen#aprojekte
an Ungáir	https://exim.hu/en/conditions/eximbank-conditions/bank-regulations/environmental-and-social-policy/disclosure https://exim.hu/en/conditions/mehib-conditions/insurance-regulations/environmental-and-social-policy/disclosure
an Iodáil	https://www.sace.it/en/about-us/our-commitment/our-environmental-and-social-commitment?_ga=2.76701596.889797035.1626281990-402413705.1616772793
Lucsamburg	Ní ann d'idirbhearta den sórt sin
an Ísiltír	https://atradiusdutchstatebusiness.nl/en/documents/
an Pholainn	https://kuke.com.pl/projekty-notyfikowane-ex-post
an Phortaingéil	https://www.cosec.pt/en/state-guarantee/
an Rómáin	https://www.eximbank.ro/en/generalinformations/
an tSlóivéin	Ní ann d'idirbhearta den sórt sin
Poblacht na Slóvaice	https://www.eximbanka.sk/en/english/international-relations/enviroment-protection/information-on-category-a-and-b-projects-supported-by-eximbanka-sr.html?page_id=183478
an Spáinn	https://www.cesce.es/es/corporativo/agencia-de-credito-a-la-exportacion-eca/publicacion-de-informacion
an tSualainn	https://www.ekn.se/en/what-we-do/sustainability/transactions-with-environmental-and-social-impact-assessment/ https://www.sek.se/en/sustainability/

Déanann na Ballstáit athbhreithniú leanúnach ar a bpróisis inmheánacha chun feabhas a chur ar a gcuid cleachtas.

(d) Cuspóirí maidir leis an athrú aeráide a mheas:

Tá cuspóirí athraithe aeráide ionchorpraithe níos mó sna beartais náisiúnta lena rialaítear an chaoi a bhfeidhmíonn ECAnna, agus sa chreat rialála uileghabhálach chomh maith.

In 2020, bhí beartais náisiúnta maidir leis an athrú aeráide i bhfeidhm ag sé cinn de na Ballstáit, beartais a bhí éagsúil ó thaobh cineáil de ach a chuimsigh srianta ar na tionscadail is mó truailliú agus/nó scéimeanna dreasachtaí do thionscadail atá neamhdhíobhálach don aeráid agus/nó neamhcháilitheacht maidir le tacaíocht a fháil le haghaidh tionscadail um leictreachais gualbhreoslaithe neamh-mhaolaithe a ghiniúint. Bhí ocht gcinn díobh ag smaoineamh ar bheartas den sórt sin a chur chun feidhme. Luaigh dhá Bhallstát an dréacht-Tacsanomaíocht AE le haghaidh Gníomhaíochtaí Inbhuanaithe mar thagarmharc atá á húsáid acu cheana féin chun gné inbhuanaithe na dtionscadal a mheasúnú. Is réimse le feabhsú é beartais maidir leis an athrú aeráide a chur ar bhonn foirmiúil ar fud an Aontais agus tá an Coimisiún ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon ECAnna a mbeidh beartas éifeachtach maidir leis an athrú aeráide acu.

Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach leasuithe a mholadh ar rialacha ECFE i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras agus faoin gComhaontú Glas, agus leas á bhaint freisin as conclúidí na Comhairle Eorpaí maidir le taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh a foilsíodh an 25 Eanáir 2021(‘An ghné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach’) agus as an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála ón gCoimisiún i mí Feabhra 2021 (‘Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Téagartha). I mí Aibreáin 2021, chuir an tAontas Eorpach togra faoi bhráid na Rannpháirtithe i gComhshocrú ECFE chun deireadh a chur láithreach le soláthar creidmheasanna onnmhairiúcháin dtacaítear leo go hoifigiúil agus cabhair cheangailte don earnáil chumhachta gualbhreoslaithe. Dá bhrí sin, comhaontaíodh toirmeasc ar thacaíocht do stáisiúin chumhachta gualbhreoslaithe neamh-mhaolaithe i mí Dheireadh Fómhair 2021 laistigh de chreat ECFE, le héifeacht dhíreach ar chreat rialála an Aontais.

Is fiú a thabhairt faoi deara nár sholáthair aon Bhallstát tacaíocht oifigiúil do thionscadail stáisiún cumhachta gualbhreoslaithe ó glacadh an Tuiscint Earnála Gualbhreoslaithe in 2016.

(e) Dícheall cuí sóisialta agus dícheall cuí chearta an duine:

Sa bhreis ar an ngné chomhshaoil atá aige, leagtar síos prionsabail choiteanna i Moladh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann ó 2012 i leith chun dícheall cuí sóisialta a chur i bhfeidhm chun tionchair agus rioscaí féideartha sóisialta agus daonna a bhaineann le hiarratais ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaíonn an Moladh na príomhthionchair shóisialta a d’fhéadfadh a bheith ag baint le tionscadail, lena n-áirítear ar dhálaí saothair agus oibre (e.g. cóir chothrom, idirdhealú, saoirse comhlachais, cómhargáil, cóiríocht d’oibrithe), sláinte, sábháilteacht agus slándáil an phobail, (e.g. nochtadh pobail do ghalair, úsáid pearsanra slándála), sealbhú talún agus athlonnú neamhdheonach (e.g. díláithriú fisiceach, díláithriú eacnamaíoch), rannpháirtíocht leordhóthanach le pobail a ndéantar dóibh (e.g. comhairliúchán feasach agus próiseas rannpháirtíochta, sásra casaoide), pobail dhúchasacha (e.g. próiseas réamhthoilithe

feasach saor), oidhreacht chultúrtha. Cumhdaíonn sé freisin na príomhthionchair ar chearta an duine a bhaineann le tionscadail, lena n-áirítear saothar éigeantais, saothar leanaí, saincheisteanna inscne agus staid sláinte agus sábháilteachta ceirde a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Tugtar aird ar leith ar ghrúpaí leochaileacha.

Tá cleachtais díchill chuí atá tuairiscithe ag ECAnna an Aontais cosúil leis na cleachtais le haghaidh rioscaí comhshaoil agus déantar dícheall cuí comhshaoil agus sóisialta de ghnáth in aon phróiseas amháin. Léiríonn na fiche Ballstát tuairiscithe uile a chuireann tacaíocht oifigiúil ar fáil go bhfuil gné shóisialta agus gné chearta an duine de Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Comhchoiteann á comhlíonadh acu, ar dlúthchuid dá gcórais chinnteoireachta, córais díchill chuí agus córais bainistithe riosca é.

Dhearbhaigh gach Ballstát a bhfuil Moladh ECFE maidir le Cur Chuige Comhchoiteann á chur i bhfeidhm aige go ndearna sé scagadh ar gach iarratas ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus é mar aidhm aige a shainaithint ar cheart athbhreithniú comhshaoil a dhéanamh. Thuairiscigh na Ballstáit freisin go ndearnadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus ar an Tionchar Sóisialta (ESIA) i gcomhréir le hAirteagal 18 de Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann i leith gach idirbheart dá ndearna CIE gealltanas deiridh agus a aicmíodh mar thionscadail Chatagóir A a d'fhéadfadh drochthionchar suntasach sóisialta nó drochthionchar suntasach ar chearta an duine a bheith acu.

Maidir le hidirbhearta a bhaineann le tionscadail de Chatagóir B a d'fhéadfadh drochthionchar neamhshuntasach sóisialta nó drochthionchar neamhshuntasach ar chearta an duine a bheith acu, tuairiscíonn na Ballstáit gur chuir iarratasóirí ar thacaíocht oifigiúil a dhóthain faisnéise ar fáil i gcónaí lenar tugadh aghaidh ar thionchair chomhshaoil ábhartha an tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 19 de Mholadh ECFE ar Chur Chuige Coiteann.

Sula ndéanfaidh siad cinneadh tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil do thionscadail de Chatagóir A nó de Chatagóir B a d'fhéadfadh drochthionchar sóisialta nó drochthionchar ar chearta an duine a bheith acu, thuairiscigh ECAnna go ndearna siad meastóireacht i gcónaí ar an bhfaisnéis a thagann as scagadh agus athbhreithniú na n-idirbheart. Fuarthas faisnéis ábhartha trí thuarascálacha ESIA, ach bailíodh freisin, a bhuí le foirmeacha iarratais agus ceistneoirí na Cúirte Iniúchóirí, taighde deisce, cuairteanna ar an láthair, taighde a rinne comhairleoirí seachtracha agus teagmháil dhíreach leis na hiarratasóirí.

Tuairiscíonn cúig Bhallstát gur bhraith siad, in 2020, cásanna neamh-chomhlíontachta ina gcuid próiseas díchill chuí agus faireacháin ar bhonn sóisialta agus ar chearta an duine, a cháiligh mar neamh-chomhlíontachtaí beaga i gcónaí, agus go bunúsach arís, sprioc-amanna caillte chun tuarascálacha nó faisnéis a chur isteach.

Ní raibh próiseas comhairliúcháin rannpháirtíoch agus sásra casaoide ar bun ag gach Ballstát in 2020 do na pobail a ndearnadh difear dóibh. Is réimse é sin atá le feabhsú. Bhí sásra casaoide ar bun i seacht mBallstát déag as fiche agus/nó rinne siad deimhin de go raibh sé curtha i bhfeidhm ag na hiarratasóirí. Sholáthair na trí Bhallstát a bhí fágtha méid teoranta de chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil (neamhchosaint ar riosca ainmniúil cumhdaigh fhoirfe iomlán ag deireadh 2020 de 593 milliún euro agus gan aon ghníomhaíocht tacaíochta maoiniúcháin oifigiúil ar fáil). Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Ballstát amháin faoi láthair ar a bheartas sóisialta agus ar a bheartas um chearta an duine agus é mar aidhm aige beartais nua a ghlacadh faoi dheireadh 2021.

Déanann na Ballstáit athbhreithniú leanúnach ar a bpróisis inmheánacha chun feabhas a chur ar a gcuid cleachtas.

(f) Bearta frithbhreabaireachta:

Ghlac Comhaltaí ECFE Moladh nua maidir le Breabaireacht agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil in 2019, moladh a tháinig in ionad leagan 2006.

Sa mholadh sin tá bearta maidir le scagadh, le dícheall cuí a chur i gcrích, le meastóireacht agus cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht d'fhonn breabaireacht a dhíspreagadh i gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Go háirithe, ba cheart d'iarratasóirí a fhíorú nach bhfuil na páirtithe uile a bhfuil baint acu le hidirbhearta liostaithe i liostaí díbhorrtha na nInstitiúidí Airgeadais Iltaobhacha, amhail an Banc Domhanda, BEAF, Banc Forbartha na hÁise, Grúpa an Bhainc Forbartha Idir-Mheiriceánaigh agus Grúpa Banc Forbartha na hAfraice. Rinne ECAnna an Aontas an uirlis sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme den chuid is mó mar bheartas ábhartha chun an baol breabaireachta a mheas.

Na fiche Ballstát uile a sholáthraíonn tuarascáil oifigiúil tacaíochta i gcomhréir le Moladh ECFE maidir le Breabaireacht agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil.

(g) Cleachtais iasachtaithe inbhuanaithe:

In 2018, ghlac Comhaltaí ECFE leagan athbhreithnithe de Mholadh ECFE maidir le Cleachtais Iasachtaithe Inbhuanaithe agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil, ar bhonn Phrionsabail agus Threoirlínte ECFE ó 2016 maidir le Cleachtais Iasachtaithe Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn i ndáil le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin Oifigiúla a Sholáthar do Thíortha Íseal-Ioncaim.

Tá sé mar aidhm leis an Moladh a áirithiú go mbainfear leas as maoiniú na riachtanas forbartha atá ag tíortha ísealioncaim gan fiacha iomarcacha a mhéadú amach anseo sna tíortha sin. Comhlíonadh an Mholta sin, is rud é sin a théann go dlúth le beartais an Bhainc Dhomhanda agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) maidir le coinníollacha fiachais le haghaidh iasachtaí neamh-lamháltais, agus maidir le hiasachtú inbhuanaithe. Faoin Moladh, chomhaontaigh na daoine a thacaíonn leis bearta trédhearcachta tábhachtacha lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil don Bhanc Domhanda agus do CAI.

Na fiche Ballstát uile a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil, tuairiscíonn siad comhlíontacht le Moladh ECFE maidir le Breabaireacht agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil.

I bhformhór na gcásanna, tá measúnuithe ar inbhuanaitheacht fiachais mar chuid de mheasúnuithe foriomlána ar riosca tíre a mbíonn tionchar acu ar bheartais faoi chumhdach tíortha ECAnna.

(h) Faisnéis eile atá sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí:

Tá Beartas Freagrachta Sóisialta Corparáidí ag roinnt mhaith ECAnna de chuid an Aontais arb é atá i gceist leis ní hamháin iarrachtaí inmheánacha ach dlúth-idirphlé le cliaint CIE freisin. Sa chomhthéacs sin, tá meastóireacht mhéadaitheach á déanamh ag ECAnna ar a gcleachtais féin agus tá pleananna á bhforbairt acu chun a dtionchar féin ar an gcomhshaol a laghdú (e.g. meastachán ar lorg carbóin, pleananna chun a lorg carbóin féin a laghdú, lena n-áirítear beartais taistil).

4. Comhlíonadh cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais ag na ECAnna:

Liostaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) cuspóirí ginearálta an Aontais Eorpaigh in Airteagal 3 agus prionsabail agus cuspóirí Ghníomhaíochtaí Sheachtracha an Aontais in Airteagal 21. *Inter alia*, de réir Airteagal 3(5) CAE, ina chaidreamh leis an domhan mór go *'rannchuideoidh [an tAontas] le [...] forbairt inbhuanaithe na Cruinne, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach idir na pobail, leis an tsaorthrádáil chóir, le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus cearta an duine agus cearta an linbh go háirithe a chosaint, leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú'*.

A mhéid a bhaineann le comhbheartas tráchtála an Aontais, déantar tagairt do phrionsabail agus do chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais in Airteagal 206 agus sa chéad mhír d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún ráiteas a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann ECAnna an Aontais cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais. Rinne an Coimisiún a athbhreithniú bliantúil i gcomhréir le hIarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú ón gCoimisiún, lena n-áirítear an mheastóireacht maidir le comhlíonadh chuspóirí agus oibleagáidí an Aontais ag ECAnna, bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí a chuireann na Ballstáit isteach, agus ní féidir a mheas gur uileghabhálach é. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé gur mhian leis na hinstitiúidí Eorpacha spriocanna polaitiúla níos uaillmhianaí a shocrú go comhpháirteach. Tá an Coimisiún réidh chun idirphlé idirinstitiúideach a éascú agus a chur chun cinn i ndáil leis sin, ach ní mór dó a mheastóireacht a dhéanamh idir an dá linn i gcomhréir le Mír 3 d'Iarscríbhinn I.

Measann an Coimisiún go soláthraíonn an fhaisnéis atá ar fáil fianaise láidir gur i gcomhréir le Airteagal 3 agus Airteagal 21 CAE atá na gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil ag an bhfiche Ballstát tuairiscithe. Tá beartais bunaithe ag na Ballstáit sin a bheidh ag gabháil le bainistiú a gclár creidmheasa onnmhairiúcháin i gcomhréir le cuspóirí an Aontais, iad bunaithe den chuid is mó ar na moltaí a bhaineann go sonrach le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna bhforbairt in ECFE.

Maidir le comhlíonadh oibleagáidí agus oibleagáidí idirnáisiúnta faoi dhlí iomaíochta Aontais, ní raibh aon díospóid ann ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a raibh cláir chreidmheasa onnmhairiúcháin ECAnna an Aontais bainteach leo le linn na tréimhse tuairiscithe, agus níl

aon ghearán faighte ag an gCoimisiún faoi sháruithe a d’fhéadfadh a bheith ann ar rialacháin an Aontais a bhfuil baint acu le ECAnna.